Feachtas
Óg-Ghluaiseacht Ghaeilge

# Ceannairí á lorg ag Feachtas Óg-Ghluaiseacht Gaeilge

Is eagraíocht óige é *Feachtas*. Eagraíonn *Feachtas* clubanna óige agus imeachtaí éagsúla trí mheán na Gaeilge i gcathair Bhaile Átha Cliath.

Faoi láthair, tá muid ag lorg ceannairí deonacha dár chlub i mBaile Brigín

## An Chlub

Is club é seo atá bhunaithe ag muintir áitiúil Bhaile Brigín i gcomhar le Feachtas, óg-eagraíocht a thacaíonn le forbairt phearsanta agus shóisialta an duine óig trí Ghaeilge. Bíonn an club á reáchtáil in Ionad Foróige, Ionad Oideachas Chaisleán an Mhuilinn, Phléimenannaigh/ Flemington, Baile Brigín. Reáchtáltar an club uair sa tseachtain ó Mheán Fómhair go Bealtaine gach Máirt, 5.30-6.30i.n.

## Ról an Cheannaire:

- Beidh tú freagrach as cuidiú leis an gclub óige a reáchtáil. Cuireann ceannairí áit sháb-háilte, shóisialta ar fáil do na daoine óga inar féidir leo scíth a ligean agus spraoi a dhéanamh.
- Beidh páirt lárnach ag na daoine óga féin i reáchtáil an chlub ach beidh na ceannairí ann le tacaíocht thábhachtach a thabhairt chun imeachtaí an chlub a éascú.

## Buntáistí a bhaineann leis an obair

- Gheobhaidh tú taithí den scoth ar an obair don aos óg
- Beidh tú ag cur le féinmhuinín agus le forbairt phearsanta daoine óga i do cheantar.
- Gheobhaidh tú traenáil saor in aisce sa gharchabhair agus i gcúram leanaí, chomh maith le cúrsaí traenalá eile.
- Is deis iontach é seo do cheannairí bualadh le daoine nua agus scileanna nua a fhorbairt.

## Ma tá Gaeilge agat agus má tá spéis agat in obair óige, téigh i dteagmháil linn!

Seol ríomhphost chugainn ag: loretta@feachtas.ie, nó is féidir glaoch orainn ar

087 904 6136 nó 01 865 6758

city of dublin youth service board CDYSB comhairle le leas óige

etb Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board

Foras na Gaeilge